An Nollaig-----An raibh a fhios agat?

1. Canadh an t-iomann Oíche Chiúin don chéad uair ar Oíche Nollag i 1818, i Séipéal N. Nioclás in Oberndorf, baile san Ostáir. *(cf. An Leabhar "Oíche Chiúin", foilsithe ag Futa Fata)*
2. Ba é N. Proinnsias as Assisi a rinne an chéad Mháinséár Nollag i 1223, in áit atá leath bhealaigh idir ar Róimh agus Assisi ar a dtugtar Greccio.
3. Tagann an focal "Aingeal" ón bhfocal Gréigise "angelos"-focal a chiallaíonn teachtaire ó Dha.
4. Go traidisiúnta Caspar, Melchior agus Balthasar na hainmneacha a thugtar ar na Trí Ríthe, ach níl na hainmneacha seo luaite sa Bhíobla. Ba níos deireanaí sa traidisiún Críostaí a tháinig na hainmneacha seo chun solais.

5. Ainm eile a thugtar ar na Trí Ríthe ná an Magi nó Na Saoithe, focal a chiallaíonn daoine léanta. Lean siad an réalta go dtí an stábla i mBeithil, an áit a bhfuair siad an leanbh Íosa lena thuismitheoirí, Muire agus Iósaef.
6. Déantar Lá Fhéile N. Stiofán a cheiliúradh ar an 26ú Nollaig. Ba é Stiofán an chéad mhairtíreach, agus chaith daoine clocha leis chun é chur chun báis de bhrí gur chreid sé go mba é Íosa Mac Dé. I roinnt tíortha tugtar *Boxing Day* air.

7. Tugadh *Boxing Day* ar an 26ú Nollaig san Eorap ó aimsir na Meánaoise. Ar an lá seo osclaíodh boscaí a bhíodh fágtha sna séipéil i rith na hAidbhinte agus a bhí anois líonta ag daoine saibhre le bia agus éadach. In Éirinn thugadh na tiarnaí talún bosca lán le "féiríní dá gcuid tionóntaí agus bhíodh an-cheiliúradh agus spraoi acu.
8. Tá an t-amhrán *"Dhá Lá dhéag na Nollag/ The twelve Days of Christmas*" ar eolas againn ar fad. Dá bhfaighfeá gach ceann de na bronntanais atá luaite san amhrán gheobhfá 364 bronntanas ar fad! Déan iad a chomhaireamh le bheith cinnte!
9. Ba i Sasana in 1843, a chuir an tUasal Anthony Cole tús leis an nós atá ann cartaí Nollag a sheoladh. B'eisean a bhí taobh thiar bhunú an chórais náisiúnta poist i Sasana. Chosain stampaí pingin amháin agus d'fhéadfaí litreacha a sheoladh go dtí gach cathair i Sasana ag baint úsáide as an gcóras iompair traenach nua-bhunaithe.
10. Siar sa stair feiceann muid go lasfaí coinneal mhór i rith laethanta dorcha an gheimhreadh mar shiombal de Réalta Bheithil. In Éirinn, las na daoine coinneal mhór dhearg agus chuirtí san fhuinneog í mar chomhartha fáilte roimh aon duine a bhí ag dul an bealach. Lasadh coinnle freisin le linn Féile Hanukkah, féile solais na Giúdach a cheiliúrtar ag an am seo den bhliain freisin.